*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

***Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta:***
**don Roinn Oideachais**
**don Roinn Fostaíochta agus Foghlama**
**don Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta**

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Tuairisc ar Chigireacht Leantach

## Naíscoil an Damba
## Béal Feirste

**Dáta na Cigireachta: Deireadh Fómhair 2006**

**CIGIREACHT LEANTACH I NAÍSCOIL AN DAMBA, BÉAL FEIRSTE, BT12 7FR (1AB-0493)**

Sa chéad chigireacht i Mí na Samhna 2004 tugadh aird ar leith ar na láidreachtaí san éiteas agus sa chlár a bhí á thairiscint do na páistí agus aimsíodh fosta an gá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sa phríomhréimse seo a leanas:

- na modhanna measúnachta agus an dóigh a n-eagraítear an lá.

San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:

- Ní hionann na baill foirne agus an lucht ceannais uile anois agus a bhíodh.

- Ceannaíodh acmhainní nua le forbairt a dhéanamh ar an chlár le haghaidh súgradh fisiceach.

- Fuair na baill foirne atá anois ann oiliúint ar na mallaibh i gcosaint páistí agus i modhanna pleanála.

Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a tugadh ar 16 Deireadh Fómhair 2006. Lena chois sin, cuirtear sa chuntas an chuairt a tugadh i Mí an Mhárta 2006. Sa chuairt fhaireacháin eatramhach léiríodh gur tháinig laghdú suntasach ar chaighdeán an tsoláthair fhoriomláin ó bhí an chigireacht roimhe sin ann. Sa tuairisc ar an chuairt a thug an tIontaobhas Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta i Mí an Mheithimh 2006 léiríodh cúiseanna imní den tsamhail chéanna fosta faoi chaighdeán an tsoláthair.

Tá an ceannaire nua a ceapadh i Mí Mheán Fhómhair 2006 i ndiaidh obair chrua a dhéanamh i gcomhar leis an fhoireann agus leis na bainisteoirí le tús a chur leis an iarracht go dtabharfar faoi na ceisteanna a tógadh le linn na gcuairteanna faireacháin eatramhacha.

Mar sin féin, is léir ón fhianaise a fuarthas ó na modhanna oibre a leanann uaidh sin nach leor an dul chun cinn atá déanta ag an ionad agus é ag tabhairt faoi na príomhréimsí a aimsíodh sa chéad chigireacht. Ní leor an freastal atá déanta ar na príomhréimsí seo a leanas.

- An taifeadadh córasach a dhéantar ar dhul chun cinn na bpáistí agus an dóigh a n-úsáidtear an t-eolas sin lena chinntiú go léirítear san obair phleanála aois na bpáistí, an staid forbartha ina bhfuil siad agus na riachtanais atá ag gach duine díobh.

- An fhorbairt agus an t-eagrúchán atá á ndéanamh le clár dúshlánach a sholáthar le haghaidh súgradh fisiceach.

- Le cois na réimsí sin a aimsíodh sa chéad chigireacht, caithfidh saineolaí oideachas luath-óige an ionaid tacaíocht níos oiriúnaí a thabhairt don fhoireann le treoir agus cúnamh níos éifeachtaí a thabhairt dóibh agus iad i mbun na bhfeabhsúchán is gá.

Níor léiríodh sa soláthar oideachais ó shin gur leor an feabhsúchán a rinneadh ón chéad chigireacht agus tá easnaimh thábhachtacha air i dtólamh. Caithfidh an fhoireann, an saineolaí oideachas luath-óige agus an grúpa bainistíochta beart a dhéanamh láithreach le tabhairt faoi na ceisteanna a bhfuil cur síos orthu sa tuairisc seo. Leanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna de bheith ag déanamh faireacháin ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agus déanfaidh sí cigireacht eile. Foilseofar tuairisc ar na cinntí.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk